

SONRAÍ POIST

Teideal: Cúntóir Riaracháin (Na hEalaíona)

Grád: Coibhéis le hOifigeach Cléireachais

Fad an Chonartha: Dhá bhliain

Láthair: Solúbtha - Oifig Údarás na Gaeltachta i gceann de na réigiúin Ghaeltachta

Tuarastal: €30,997 (ag brath ar ráta Oifigigh Chléireachais na Stáitseirbhíse)

An Cuspóir atá leis an Ról:

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí ar riaradh poiblí na n-ealaíon sa Ghaeltacht. Cuideoidh an Cúntóir Riaracháin (Ealaíona) le dualgais riaracháin agus comhordaithe i ngach foireann agus clár réigiúnach de chuid na heagraíochta agus cuirfidh le cláir agus le tionscnaimh forbartha ealaíon a chur ar fáil go héifeachtach.

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:

- Tacaíocht laethúil riaracháin a chur ar fáil do na hÁisitheoirí réigiúnacha Ealaíon
- Cúnamh a thabhairt le próiseáil deontas, le sceidealú agus le comhfhreagras
- Cuidiú le bunachair sonraí, córais chomhdúcháin agus rianú doiciméad a uasdátú go himmheánach
- Cuidiú le bailiú aiseolais, le measúnú sonraí agus le tuairisciú chuig maoinitheoirí
- Tacú le cumarsáid agus le for-rochtain d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí pobail
- Tacaíocht lóistíochtúil a chur ar fáil do chruinnithe agus d'imeachtaí
- Fiosrúcháin a fhreagairt agus tacú le hoibríochtaí lárnacha riaracháin
- Tascanna ginearálta oifige a chur i gcrích

Sonraíocht an Duine:

- Scileanna láidre eagrúcháin agus riaracháin
- Cumas oibriú mar chuid d'fhoireann agus glacadh le treoir
- Taithí ar ghnáth-bhogearraí oifige (Word, Excel, Outlook)
- Iontaofa, solúbtha agus féin-spreagtha
- Suim in obair leis na healaíona, leis an tseirbhís phoiblí nó leis an bhforbairt pobail
- Toilteanach taisteal taobh istigh de na réigiúin Ghaeltachta

- Tá líofacht sa Ghaeilge (idir labhairt agus scríobh) riachtanach